




Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe

Bíodh do chearta leasa shóisialaigh ar eolas agat

An méid is gá a bheith ar eolas agat má chailleann tú do phost

Is minic a chuireann an córas Leasa Shóisialaigh mearbhall ar dhaoine a bhfuil a bpost cailte acu. Seo treoir bhunúsach ar an méid is gá a bheith ar eolas agat agus is gá duit a dhéanamh má chailleann tú do phost.



Buneolas faoi Leas Sóisialach

Má chailleann tú do phost, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh ar an bpointe boise, áit ar féidir iarratas a chur isteach ar Shochar (SLCF) nó ar Liúntas (LLCF) do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, arb iad an dá íocaíocht dífhostaíochta. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfá seo, toisc go bhféadfá íocaíocht a chailleadh dá mbeifeá mall ag cur d'iarratais isteach.

Uasrátaí Íocaíochta 2009

	Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta*
Ráta Pearsanta	€204.30	€204.30
Ráta Duine Fhásta Cáilithe	€135.60	€135.60
Ráta do Gach Leanbh Cáilithe	€ 26.00	€ 26.00
Leathráta do Gach Leanbh Cáilithe	€ 13.00	€ 13.00

* Tabhair faoi deara, le do thoil: ó Bhealtaine 2009, laghdaíodh an íocaíocht le héilitheoirí nua faoi bhun 20 bliain d'aois, go €100. Laghdaíodh an ráta do dhuine fásta cáilithe go €100 chomh maith. Ach d'fhéadfadh daoine áirithe faoi bhun 20 bliain d'aois, idir éilitheoirí nua agus dhaoine fásta cáilithe, an íocaíocht iomlán a fháil agus í ag brath ar a gcúinsí féin.

Bailiú d'Íocaíochta

Déantar íocaíochtaí SLCF agus LLCF go seachtainiúil, trí Oifig an Phoist. Tar éis 6 mhí, is féidir leat iarratas a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST) chun go ndéanfaí athbhreithniú ar an modh íocaíochta agus chun go ligfí d'íocaíochtaí a bheith déanta isteach i do chuntas bainc.



Má bhíonn aon deacracht agat le d'íocaíocht a fháil, nó má tá tuilleadh eolais uait faoi íocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, téigh i dteagmháil le EÉDD nó le d'Ionad Acmhainní Áitiúil.

Ar Lorg Oibre go Dáiríre

Chun gur féidir leat cáiliú do SLCF nó LLCF agus le leanúint á fháil, is gá duit a bheith ar lorg agus ar fáil le haghaidh obair lánaimseartha. Ciallaíonn an reachtaíocht Ar Lorg Oibre go Dáiríre gur gá duit a bheith sásta glacadh le haon tairiscint réasúnta fostaíochta agus le haon tairiscint oideachais, oiliúna nó forbartha a bheadh molta ag oifigeach ón RGST. Is gá go gcuirfeadh sé seo do riachtanais oiliúna agus oideachais, chomh maith le do chúinsí pearsanta san áireamh. Ba chóir go mbeadh aon tairiscint réasúnta fostaíochta oiriúnach le haghaidh do scileanna, do cháilíochtaí agus do thaithí ar dtús. Iarrfar ort cruthúnas a chur ar fáil de d'iarrachtaí le teacht ar phost. Coinnigh taifead de gach litir a sheoltar chuig / a fhaightear ó fhostóirí, lena n-áirítear ríomhphoist, glaonna gutháin, fógraí ó nuachtáin agus aon fhianaise eile de do chuardach fostaíochta.

Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (SLCF)

Is íocaíocht dífhostaíochta é Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, atá bunaithe ar ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh (ÁSPC) (rudaí a dtugtaí stampaí orthu). Is féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc nó a chreidiúnú. Le cáiliú d'íocaíocht SLCF, is gá duit a bheith:

- I do chónaí i bPoblacht na hÉireann
- Faoi bhun 66 bliain d'aois
- Go hiomlán dífhostaithe nó dífhostaithe ar feadh 3 lá as tréimhse 6 lá ar bith, ar a laghad
- Ar fáil do, inniúil ar agus ar lorg obair, oideachas agus/nó cúrsaí forbartha lánaimseartha go dáiríre

Agus

- Go leor ranníocaíochtaí ÁSPC íochta nó creidiúnaithe agat

Teidlíocht SLCF agus Ranníocaíochtaí ÁSPC

Is gá duit na critéir ranníocaíochtaí ÁSPC a shásamh i gceann amháin de na bealaí seo a leanas, sula mbeidh tú in ann íocaíocht SLCF a fháil:

1

- 104 seachtain d'íocaíochtaí ÁSPC íochta a bheith agat ó thosaigh tú ag obair
- 39 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íochta nó creidiúnaithe a bheith agat sa Bhliain Chánach Bhainteach*, ar gá do 13 acu a bheith ina ranníocaíochtaí íochta sa bhliain chánach bhainteach nó i dtréimhsí áirithe eile.

Nó

2

- 104 seachtain d'íocaíochtaí ÁSPC íochta a bheith agat ó thosaigh tú ag obair
- 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íochta agat sa Bhliain Chánach Bhainteach
- 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íochta agat sa Bhliain Chánach roimh an mBliain Chánach Bhainteach

* *Is ionann an bhliain chánach bhainteach agus an bhliain chánach dhá bhliain roimh an mbliain ina bhfuil an t-éileamh á dhéanamh agat le haghaidh íocaíocht dífhostaíochta. Chun éileamh SLCF a dhéanamh in 2009, is í 2007 an bhliain chánach bhainteach. Beidh tionchar ag líon na ranníocaíochtaí íochta nó creidiúnaithe (ÁSPC) a rinne tú in 2007, ar do theidlíocht i leith íocaíocht SLCF in 2009.*

Fad Íocaíocht SLCF

Íoctar SLCF ar feadh uastréimhse 12 mhí, má tá 260 ranníocaíocht ÁSPC nó níos mó íochta agat agus ar feadh uastréimhse 9 mí, má tá níos lú ná 260 ranníocaíocht déanta agat.

Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (LLCF)

Is é an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta an phríomhíocaíocht dífhostaíochta eile. Mura bhfuil go leor ranniocaíochtaí ÁSPC agat le cáiliú d'íocaíocht SLCF, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht LLCF, chomh fada is go bhfuil tú:

- I do chónaí i bPoblacht na hÉireann
- 18 mbliana d'aois nó níos sine
- Faoi bhun 66 bliain d'aois
- Go hiomlán dífhostaithe nó dífhostaithe ar feadh 3 lá as tréimhse 6 lá ar bith, ar a laghad
- Ar fáil do, inniúil ar agus ar lorg obair, oiliúint, oideachas agus/nó cúrsaí forbartha lánaimseartha go dáiríre

Agus

- In ann tástáil acmhainne a shásamh
- In ann an Coinníoll Gnáthchónaithe a shásamh

Tástáil Acmhainne

Is ionann tástáil acmhainne agus tástáil a dhéanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST) le measúnú a dhéanamh ar d'acmhainn ioncaim.

Nuair a dhéantar measúnú ar éileamh, cuirtear na nithe seo a leanas san áireamh sa tástáil acmhainne:

- Ioncam airgid ●†Caipiteal (coigilteas, infheistíochtaí, srl.)
- Maoin (seachas d'áit chónaithe féin)
- Sochar agus Pribhléid (an sochar a fhaightear ó bheith i do chónaí le do thuismitheoirí, má tá tú faoi bhun 25 bliain d'aois)

Braithfidh ráta seachtainiúil d'íocaíocht LLCF ar d'acmhainn.

 Ba chóir duit taifead a choinneáil de ráitis nó de chuntais bainc, toisc go bhféadfaidís seo a bheith ag teastáil.

Coinníoll Gnáthchónaithe – Iarratasóirí LLCF amháin

Is measúnú é an Coinníoll Gnáthchónaithe a dhéanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ina gcinntear más féidir leat íocaíocht LLCF a fháil. Is gnách go sásóidh tú an riall má tá tú:

- I do chónaí go dleathach in Éirinn le 2 bhliain nó níos mó
- Tar éis obair a dhéanamh in Éirinn
- Má tá sé i gceist agat fanacht in Éirinn

Íocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach (LLF)

Má diúltaíodh íocaíocht SLCF nó LLCF a íoc leat, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach faoi réir tástáil acmhainne, i gcúinsí áirithe.

Creidiúintí nó Ranníocaíochtaí Creidiúnaithe (ÁSPC)

Is ionann creidiúintí agus ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh (ÁSPC) a chabhróidh leat do theidlíochtaí árachais shóisialaigh a chosaint (.i. Pinsin) i rith tréimhsí nuair nach mbíonn tú in ann ranníocaíochtaí íochta a dhéanamh (.i. má tá tú difhostaithe). Má chaill tú do phost, is féidir leat clárú le haghaidh creidiúintí, má d'íoc tú ranníocaíochtaí ÁSPC le dhá bhliain anuas.

- ➡ Má chláraíonn tú le haghaidh creidiúintí, beidh ort na critéir a bhaineann le lorg oibre go dáiríre a shásamh.
- ➡ Is féidir le creidiúintí a bheith thar a bheith tábhachtach le cinntiú go gcáilíonn tú d'íocaíochtaí, amhail pinsean stáit.

Sochair Thánaisteacha

Is ionann Sochair Thánaisteacha agus sochair a bhféadfá a bheith cáilithe dóibh, toisc go bhfaigheann tú Sochar nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta. Cuimsíonn siad seo:

➡ Ó Fheidhmeannacht áitiúil na Seirbhíse Sláinte (FSS) (*Bord Sláinte roimhe seo*)

- Forlíonadh Ús Cíosa/Morgáiste (do d'áit chónaithe féin amháin)
- Cárta Leighis / Cárta Cuairteanna Dochtúra Amháin
- Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua
- Forlíonadh Aiste Bia

➡ Ó d'oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh

- Liúntas Breosla (Níl sé seo iníochta má tá SLCF nó LLCF á íoc leat ar feadh níos lú ná 15 mhí)
- Liúntas Breosla gan Toit

➡ Ó d'Údarás Áitiúil

- Cíos Dífrealach
- Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC)

Suim agat a bheith páirteach in EÉDD?



Déanann EÉDD stocaireacht ar son daoine difhostaithe. Cuirimid fáilte roimh iarratais ar bhallraíocht. Más ball thú, gheobhaidh tú foilseacháin EÉDD ar chearta Leasa Shóisialaigh, chomh maith le nuachtlitr EÉDD. Is féidir leat a bheith páirteach san eagraíocht ar bhealaí éagsúla. Braithfidh méid do pháirtíochta ort féin, ach tá do chuid tacaíochta ag teastáil uainn. **Tá ballraíocht ar fáil saor in aisce.** Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar líne agus ón eagraíocht go díreach. Téigh i dteagmháil le John Farrell le haghaidh tuilleadh eolais, le do thoil.

Gánuth: 01 856 0088 **Ríomhphost:** membership@inou.ie

Suíomh gréasáin: www.inou.ie/membership

Seicliosta ✓

Má chailleann tú do phost

- ✓ Ba chóir duit clárú le FÁS.
- ✓ Cuir iarratas isteach ar SLCF nó LLCF ag d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh.
- ✓ Mura gcáilíonn tú do SLCF, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht LLCF de réir tástáil acmhainne.
- ✓ Mura gcáilíonn tú do SLCF/LLCF, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach faoi réir tástáil acmhainne.
- ✓ Mura bhfuil tú i dteideal SLCF/LLCF, d'fhéadfá clárú le haghaidh creidiúintí.

Nuair a dhéanfaidh tú d'éileamh

- ✓ Nuair a dhéanfaidh tú d'éileamh, beidh ort cruthúnas aitheantais a chur ar fáil (Pas, Ceadúnas Tiomána nó Teastas Breithe) chomh maith le cruthúnas de do sheoladh (bille tí, amhail BSL, ráiteas bainc nó doiciméad cánach).
- ✓ Beidh ort do P45 a thabhairt leat, má tá sé ar fáil, nó litir ó d'fhostóir ina ndeirtear cén uair a chríochnaigh tú ag obair. D'fhéadfaí d'éileamh a thapú le litir ó d'fhostóir ina minítear cén fáth ar tháinig deireadh le do phost.
- ✓ Má tá iarratas á chur isteach agat ar Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, beidh ort foirmeacha P60 a fuair tú le roinnt blianta anuas a thabhairt leat chomh maith.

D'íocaíocht SLCF nó LLCF a choinneáil

- ✓ Is gá duit a bheith ar lorg agus ar fáil d'obair lánaimseartha go dáiríre agus d'oiliúint, oideachas agus/nó do chúrsaí forbartha lánaimseartha.
- ✓ Is gá duit d'oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh a chur ar an eolas faoi athrú ar bith ar do chúinsí. Má théann do chúinsí in olcas, d'fhéadfá a bheith i dteideal cúnaimh breise a fháil.

Achomharc i gcoinne diúltú íocaíochta

- ✓ Má diúltaíodh íocaíocht SLCF nó LLCF (RGST) nó íocaíocht LLF (FSS) a íoc leat, ba chóir duit achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chomh luath agus is féidir. Téigh i dteagmháil le EÉDD le haghaidh tuilleadh eolais.



**Eagraíocht na hÉireann
do Dhaoine Dífhostaithe**

Eolas Cearta Leasa Shóisialaigh



01 856 0088



welfareinfo@inou.ie

suímh ghréasáin: www.inou.ie

www.redundancy.ie

SAOR IN AISCE ■ FAOI RÚN ■ NEAMHCHLAONTA

Tá an foilseachán seo maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.